GAEILGE IORRAIS

Preasráiteas	Tuilleadh eolais:	*Leagan Béarla ar lch. 3
Press Release	gaeilgeiorrais@gmail.com	English summary on pg 3.
08.11.2023	**097-29023**	

Comhghairdeas ó chroí le páistí as Gaeltacht Iorrais a bhí páirteach in Oireachtas na Samhna 2023

Déanann Gaeilge Iorrais comhghairdeas ó chroí leis an mbeirt ógánaigh as Gaeltacht Iorrais a ghlac páirt in Oireachtas na Samhna i gCill Airne an tseachtain seo caite.

- Ghlac Nell Ní Mhongáin (SN Dhumha Thuama & CCÉ Chraobh Chlann Lir) páirt i gcomórtas amhránaíochta ar an sean-nós (comórtas C d'iomaitheoirí atá 9 mbliana d'aois ar Lá Samhna 2023).
- Bhí Jamie Ó Ciaráin (SN Chorrchloch & CCÉ Chraobh Chlann Lir) páirteach i gcomórtas amhránaíochta ar an sean-nós (comórtas F d'iomaitheoirí atá 12 bliain d'aois ar Lá Samhna 2023).

Bhí orthu beirt amhrán amháin de rogha an iomaitheora (amhrán mall nó amhrán tapaidh) a chasadh i stíl an tsean-nóis. Ba álainn ar fad na fonnadóirí óga seo ó Ghaeltacht Iorrais a chloisteáil ag góilín go binn ag féile mhór na nGael. Nár laga Dia iad.

Bualadh bos speisialta do Nell Ní Mhongáin a bhain an dara háit agus bonn amach ina rannóg siúd. Chas Nell leagan áitiúil d'amhrán clúiteach ón gceantar Gaeltachta seo 'Cúirt Bhaile Nua' ina glór binn uathúil. Tá bua na hamhránaíochta ag Jamie Ó Ciaráin freisin. Chas Jamie leagan ársa den amhrán 'Brighid Ní Mháille' go fonnmhar – leagan nach gcloistear a thuilleadh ach sna bólaí seo. Tá moladh mór millteach ag dul do na páistí seo. Seo í an chéad uair le blianta gur ghlac aon pháiste ó Ghaeltacht Iorrais páirt in Oireachtas na Samhna. Ba mhaith linn a gcuid buanna agus éachtaí a threaslú leofa, lena gcuid tuismitheoirí, lena muintir agus lena múinteoir amhránaíochta Síle Uí Mhongáin.

Tá moladh mór ag dul do Shíle Uí Mhongáin, múinteoir amhránaíochta na bpáistí, atá ag tabhairt faoi chlár amhránaíochta ar an sean-nós i scoileanna Gaeltachta Iorrais le díograis

Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.

agus le dúthracht agus a bhuí le tacaíocht ó scéim Neartú Ealaín na Gaeltachta atá á comhordú ag Gaeilge Iorrais ó 2020. Níl aon dabht ach go bhfuil bláthú ag teacht ar an obair seo i mbliana agus go leor suime anois san amhránaíocht ar an sean-nós i scoileanna Gaeltachta Iorrais agus go leor duaiseanna bainte ag páistí Iorrais i bhfleadhanna agus ag Oireachtas na Samhna i mbliana. Gura fada buan iad.

Tráthúil go maith, thug Síle agus Séamus Ó Mongáin cur i láthair ar son oifig na Gaeilge (Comhairle Contae Mhaigh Eo) ag Oireachtas na Samhna maidir le stair na hamhránaíochta ar an sean-nós i nGaeltacht Iorrais agus na hathruithe atá tagtha uirthi le himeacht aimsire. Bhí traidisiún láidir sean-nóis i dtuaisceart Mhaigh Eo sa 19ú haois agus mhair go leor filí agus cumadóirí amhrán sa cheantar. Leis an drochshaol agus an imirce, d'fhág na sluaite an áit ach choinnigh siad leofa an traidisiún amhránaíochta sa saol úr. Sa bhaile faraor, chuaigh an traidisiún i léig gur beag nár cailleadh ar fad é, ach le blianta beaga anuas tá athbheochan an traidisiúin agus na n-amhrán áitiúil le sonrú i measc an aosa óig ach go háirithe.

Mar fhocal scoir, comhghairdeas freisin le Bríd Áine Ní Ghrádaigh (Ráth Chairn, Co. na Mí) a bhain an dara háit sa chomórtas amhránaíochta ar an sean-nós (d'iomaitheoirí atá 8 mbliana d'aois ar Lá Samhna 2023). Rugadh agus tógadh máthair Bhríd Áine (Joanne Ní Mhonacháin) i nGaeltacht Iorrais (in Oiligh ar leithinis an Mhuirthead). Is ann atá a muintir go fóill agus iad maraithe le bród leis an dea-scéala seo.

Nóta maidir le Scéim Neartú (Ealaín na Gaeltachta)

Tá cothú agus cur chun cinn na n-ealaíon dúchasach i measc na hóige sa Ghaeltacht ar cheann de na bearta atá leagtha amach sa *Phlean Gníomhaíochta don Ghaeilge 2018-2022* agus sa *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge*.

Tá Ealaín na Gaeltachta (comhpháirtíocht idir Údarás na Gaeltachta agus An Chomhairle Ealaíon) ag comhoibriú le Roinn na Gaeltachta leis an mbeart seo a chur i bhfeidhm tríd an gclár Cuisle - Scéim Neartú san áireamh.

Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.